



## Preas Ráiteas Press Statement

### Torthaí Daonáirimh 2011

### Próifil 7 Creideamh, Eitneachas agus Lucht Siúil na hÉireann – Cúlra Eitneach agus Cultúrtha in Éirinn.

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gur shroich cion an daonra arbh Caitlicigh iad a phointe is ísle in 2011 ag 84.2 faoin gcéad, cé go raibh a phobal, ag láidreacht 3.86 milliún, ag an leibhéal is airde ó thráth tosaithe na dtaifead.

Léiríonn foilseachán an lae inniu, “*Prófil 7 Creideamh, Eitneachas agus Lucht Siúil na hÉireann – Cúlra Eitneach agus Cultúrtha in Éirinn*” [Profile 7 Religion, Ethnicity and Irish Travellers – Ethnic and Cultural Background in Ireland], próifil de chuid na gcreideamh éagsúil in Éirinn mar aon le torthaí níos mionsonraí ar eitneachas, agus ar Lucht Siúil na hÉireann ach go háirithe.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo breis anailísé ar dhá théama tábhachtach sna torthaí ó Dhaonáireamh 2011. Ar dtús déantar iniúchadh inti ar chreideamh, ag breathnú go mion ar bhaill na gcreideamh éagsúil, agus orthu siúd gan chreideamh ar bith acu in Éirinn ó thaobh athruithe úrnua, gairmeacha, leibhéal oideachais agus fachtóirí eile. Tá a t-eitneachas ar an dara mórhéama sa tuarascáil seo le béim ar leith ar dhaonra Lucht Siúil na hÉireann ag breathnú go mionsonrach ar ghnéithe ar nós stádas pósta agus teaghlaigh, méid an lón tí, oideachas, stádas geilleagrach, míchumas agus coinníollacha maireachtála.

Tá an tuarascáil ionlán ar fáil ar shuíomh gréasánin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census) mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon tábláid gréasán idirghníomhacha, a cheadaíonn d'úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailísé féin.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Aibhsíonn an tuarascáil seo arís eile fírinne an scéil go bhfuil daonra rí-éagsúil in Éirinn áit ina bhfuil ról ríthábhachtach ag cultúir agus ag creidimh athraitheacha. Soláthraíonn an tuarascáil a thuilleadh anailísé agus torthaí fós ó dhaonáireamh 2011 ar na téamaí seo agus cuimsítear faisnéis thábhachtach ar an ngrúpa eitneach dúchasach is mó in Éirinn. Tá a thuilleadh sonraí ar na torthaí seo, agus ar shonraí daonáirimh uile, ó leibhéal an chontae síos chomh fada le leibhéal na mbailte, na dtoghranna agus na gCeantar Beag, ar fáil ar an leathanach daonáirimh de shuíomh gréasánin an CSO.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath  
+353 1 498 4000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
Ireland

Dublin Office  
+353 1 498 4000

LoCall 1890 313 414 (ROI)  
0870 876 0256 (UK/NI)  
+353 21 453 5000  
+353 21 453 5555  
[information@cso.ie](mailto:information@cso.ie)  
[www.cso.ie](http://www.cso.ie)

## Buaicphointí na tuarascála

### Creideamh

Sa tréimhse fiche bliain idir 1991 agus 2011 táthar tar éis méaduithe suntasacha a fheiceáil sa daonra neamh-Chaitliceach, á mbrú chun cinn ní hamhán ag an lín méadaithe gan chreideamh acu ach ag méaduithe móra freisin i gcreidimh na n-inimirceach ó Oirtheor na hEorpa, ón Afraic agus ón Áise. Lean cion an daonra arbh Caitlicigh iad ag meathlú in 2011, ag baint amach an pointe is ísle dó ag 84.2 faoin gcéad, cé go raibh a phobal, ag lín láidir 3.86 milliún, ar an leibhéal is airde ó thráth tosaithe na dtaifead.

### Caitlicigh

As an 3.8 milliún Caitliceach in Éirinn sa bhliain 2011, Éireannaigh ba ea 92 faoin gcéad díobh leis an 8 faoin gcéad eile tugtha do réimse náisiúntachtaí éagsúla. I measc na neamh-Éireannach, bhí Polannaigh ar an ngrúpa is mó le 110,410 duine, á leanúint ag an Ríocht Aontaithe le 49,761 agus eatarlu sheas siad le haghaidh os cionn leath na gCaitliceach neamh-Éireannach uile.

Bhí 64,798 Caitliceach colscartha in Éirinn i mí Aibreáin 2011, as sin bhí 27,468 fireann agus 37,330 baineann.

### Gan Chreideamh

Mhéadaigh an lín iomlán daoine gan chreideamh, aindiachaithe agus agnóisithe faoi cheathair, agus os cionn, idir 1991 agus 2011 le seasamh ag 277,237 in 2011. San áireamh sa ghrúpa seo bhí 14,769 páiste d'aois bhunscoile agus 14,478 páiste d'aois mheánscoile. Bhí 4,690 páiste faoi bhun aois blhiana nach raibh aon chreideamh acu.

### Eaglais na hÉireann

Bhí 129,039 ball d'Eaglais na hÉireann ann i mí Aibreáin 2011, méadú 6.4 faoin gcéad ar an mbliaín 2006. San áireamh anseo bhí 13,667 páiste d'aois bhunscoile agus 8,809 páiste d'aois mheánscoile. Bhí gairmeacha i dtalmhaíocht agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara ag duine as gach deichniúir oibrithé Eaglais na hÉireann.

### Moslamaigh

Bhí 49,204 Moslamach in Éirinn i mí Aibreáin 2011, méadú géar ar chúig bliana roimhe sin. San áireamh i ndaonra Moslamach na hÉireann bhí 8,322 páiste d'aois bhunscoile agus 3,582 páiste d'aois mheánscoile. I gcaitheamh na tréimhse fiche bliain ó 1991, mhéadaigh lín na Moslamach ó 0.1 go 1.1 faoin gcéad den daonra iomlán.

### Críostaíocht Cheartchreideamhach

Bhí 45,223 Críostaí Ceartchreideamhach in Éirinn i mí Aibreáin 2011 – níos mó ná dúbailt ar an lín a bhí ann cúig bliana roimhe sin (20,798) agus méadú níos mó ná faoi cheathair ar an lín a taifeadadh in 2002 (10,437).

### Creidimh eile

Bhí lín na bPreispitéreach in Éirinn i mí Aibreáin 2011 cothrom le 24,600, méadú imeallach ar an mbliaín 2006 agus ag leanúint le patrún na líonta méadaithí ó 2002 tar éis tréimhsí fada meathlaithe go dtí 1991.

Bhí lín na mball Aspalda agus Cincíseach in Éirinn cothrom le 8,116 in 2006 agus 14,043 in 2011. Bhí eitneachas Afracach ag os cionn 60 faoin gcéad (8,486) in 2011 le “Aon chúlra Geal eile” [Any other White background] á léiriú ag 18.1 faoin gcéad (2,546).

Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh 10,688 Hiondúch in Éirinn in 2011, ag léiriú méadú faoi dheich ón mbliaín 1991. Bhí Hiondúigh níos óige ná an daonra i gcoitinne, leis an meánaois dá gcuid cothrom le 28.9 i gcás na bhfear agus 26.7 i gcás na mban, i gcomparáid le 35.5 agus 36.8 don daonra i gcoitinne.

Tuilleadh/...

San iomlán b'ionann creidimh eile agus 98,643 duine in 2011 nó 2.1 faoin gcéad den daonra de facto ag an am sin.

Bhí Búdaíoch, le 8,703 ball, ar an gcreideamh aonair is mó a taifeadadh sa ghrúpa thusa. Éireannaigh ar bhonn náisiúntachta ba ea os cionn trian (37.9%). Taifeadadh 6,842 Meitidisteach in 2011, le Finnéithe láivé ar an gcéad ghrúpa creidimh is mó eile le 6,149 duine in 2011. Bhí níos mó ná 3,000 duine sna creidimh Liútarach (5,683 duine), Soiscéalach (4,188), agus Baisteach (3,531) sa bliain 2011. Thaifead an creideamh Giúdach 1,984 duine in 2011, suas ó 1,930 duine in 2006.

## **Daonra Lucht Siúil na hÉireann**

B'ionann líon iomlán Lucht Siúil na hÉireann a liostaíodh i mí Aibreán 2011 agus 29,573 - ag seasamh le haghaidh díreach os cionn leath faoin gcéad (0.6%) den daonra iomlán. Bhí an líon is airde den Lucht Siúil as na contaetha riarracháin uile ag Contae na Gaillimhe le 2,476 duine ann, á leanúint ag Baile Átha Cliath Theas le 2,216. I gcodarsnacht ní raibh ach 152 den Lucht Siúil liostaithe i gContae Phort Láirge.

### **Aois agus Stádas Pósta**

B'ionann an meánaois i gcás Lucht Siúil na hÉireann trí chéile agus 22.4, i gcomparáid le 36.1 don daonra i gcoitinne, agus bhí os cionn leath de phobal an Lucht Siúil trí chéile (52.2%) faoi bhun aois 20.

Ina measc siúd d'aois 15 – 29, bhí 33 faoin gcéad den Lucht Siúil pósta i gcomparáid le 8.2 faoin gcéad den daonra i gcoitinne. Bhí 252 lánúin phósta d'aois 15-19, as sin bhí 91 fireann agus 161 baineann.

### **Teaghlaigh agus Líonta Tí**

Bhí 5 pháiste nó níos mó ag 27% de mhná ó Lucht Siúil na hÉireann, i gcomparáid le 2.6 faoin gcéad de mhná trí chéile. Bhí 7 bpáiste nó níos mó ag díreach os cionn ochtú (13%) de mhná ó Lucht Siúil na hÉireann, i gcomparáid le 0.4 faoin gcéad de mhná trí chéile.

In 2011, bhí seisear nó os cionn i 26.4 faoin gcéad de theaghlaigh Lucht Siúil na hÉireann, i gcomparáid le 4.4 faoin gcéad de na teaghlaigh ar fad sa Stát.

Bhí comhdhéanamh clainne de theaghlaigh Lucht Siúil na hÉireann difriúil ó chomhdhéanamh an daonra i gcoitinne. Bhí cion níos airde de theaghlaigh aon tuismitheora (20.5% i gcomparáid le 11.9%), níos lú lánúineacha aontís gan leanaí acu (2.1% i gcomparáid le 5%) agus níos mó teaghlaigh le níos mó ná clann amháin acu (2.5% i gcomparáid le 1.1%).

### **Oideachas**

Bhí oideachas go leibhéal bunscoile ar a mhéid ar seachtar as gach deichniúir de phobal an Lucht Siúil (69%), lena n-áirítear 507 duine d'aois idir 15 agus 19. Bhí an líon daoine ó phobal Lucht Siúil na hÉireann a chomhlíon oideachas tríú leibhéal in 2011 cothrom le 115, nó aon faoin gcéad. Tá sé seo i gcomparáid le 30.7 faoin gcéad den daonra i gcoitinne, gan Lucht Siúil na hÉireann san áireamh ann.

### **Dífhostaíocht**

Bhí dífhostaíocht i bpobal Lucht Siúil na hÉireann cothrom le 84.3 faoin gcéad in 2011, suas ó 74.9 faoin gcéad cúig bliana roimhe sin. As lucht saothair iomlán de chuid 9,973, bhí 86.6 faoin gcéad den 5,829 fear dífhostaíthe le 81.2 faoin gcéad den 4,144 bean gan obair. Bhí ráta rannpháirtíochta an lucht saothair i measc an Lucht Siúil cothrom le 57.3 faoin gcéad, i gcomparáid le 61.9 faoin gcéad don daonra i gcoitinne.

### **Míchumas**

Bhí rátaí míchumais níos airde ná an daonra i gcoitinne ag pobal Lucht Siúil na hÉireann. In 2011, bhí míchumas amháin nó níos mó ag 17.5 faoin gcéad de Lucht Siúil na hÉireann, i gcomparáid le 13 faoin gcéad den Stát trí chéile. I measc Lucht Siúil na hÉireann, an míchumas ba choitianta ba ea 'deacracht le pian, análú nó aon tinneas ainsealach eile' (7.7%).

## **Coinníollacha Maireachtála**

Tá ráta úinéireachta tí i bhfad níos ísle ag teachlaigh Lucht Siúil na hÉireann ná mar atá i gceist leis an bpobal i gcoitinne, lena dteach féin in úinéireacht acu ag teaghlach amháin as gach cúig theaghlach (20.2%), i gcomparáid le 69.7 faoin gcéad don daonra i gcoitinne.

B'ionann meánlón na seomraí i dtithe de chuid Lucht Siúil na hÉireann agus 4.3, i gcomparáid le meánlón 5.5 seomra i gcás iomlán na dteaghlach príobháidí in 2011. In 2011 ní raibh aon áiseanna séarachais ag nach mór 1 as gach 3 theaghlach de chuid an Lucht Siúil (30.3%) le líon iomlán 886 duine a bhí ag maireachtáil i gcóiríocht soghluaise nó sealadach.

### **Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:**

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an CSO ag [www.cso.ie/census](http://www.cso.ie/census).

### **Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le:**

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shoard, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: [census@cso.ie](mailto:census@cso.ie)

Idirlón: [www.cso.ie](http://www.cso.ie)

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*18 Deireadh Fómhair 2012*

**– CRÍOCH –**